

Ábhar

Téacs Léitheoireachta

Pearsana spóirt

Alt le Colm Mac Séalaigh faoi Tiger Woods agus David Beckham.

As an iris www.beo.ie (Márta 2010).

Le caoinhead ó eagarthóir www.beo.ie.

Forbairt Bhreise

Alt faoi chúrsaí sacair i Ruanda le Ruairí Ó hÉithir (*Comhar*, Eanáir 2010).

Le caoinhead ó *Comhar* agus ón údar.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfá a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Pearsana Mór le Rá sa Spórt

Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt faoi bheirt a bhain clú agus cáil amach sa spórt – Tiger Woods agus David Beckham. Sula léifidh tú an t-alt, déan an réamhobair thíos:

- Cad atá ar eolas agat faoi shaol na beirte thuas? Pléigh an bheirt acu le do pháirtí agus scríobhaigí próifíl faoi dhuine acu.
- Cé hiad na pearsana spóirt is mó a thaitníonn leat?
- Cé hiad, dar leat, na pearsana spóirt is mó cáil ar domhan? Cén fáth a bhfuil na daoine áirithe sin cáiliúil, dar leat?
- Cad é an spórt is fearr a thaitníonn leat? Pléigh agus scríobh pointí a bheadh oiriúnach le tathant ar an Roinn Oideachais an spórt áirithe sin a mhúineadh i scoileanna na tíre.

Léamh

Anois léigh an t-alt agus déan na tascanna seo a leanas:

- Scríobh achoimre ar an gcomparáid a dhéanann an scríbhneoir idir galf agus sacar san alt.
- Cad iad na cosúlachtaí / difríochtaí idir Tiger Woods agus David Beckham a ndéantar tagairt dóibh san alt?
- Cum ceannteideal oiriúnach don alt.

Feasacht Teanga

- Cuir na focail seo ón alt in abairtí a léireodh a mbrí agus a gceartúsáid.

cáil
cáim
clúiteach
iomrá
trí bhíthin
i ngeall ar
go dlúth
ar na mallaibh
i sáinn
údar grinn

- Scríobh sainmhíniú ar na focail seo a leanas.

margaíocht
 bolscaireacht
 fógraíocht

- Féach ar na frásaí thíos – cén ghné den teanga atá iontu?

‘...an ráiteas ó Tiger Woods *ar thagair mé dó...*’
 ‘...topaicí spóirt *a ndearnadh cuardach orthu...*’

Féach ar na míreanna i do leabhar gramadaí a bhaineann leis an gclásal coibhneasta agus ansin bain triail as na cinn seo:

an tasc + bain mé triail as
 an aiste + cheartaigh mé
 na tagairtí + luaigh an teagascóir
 na tagairtí + luaigh an teagascóir a bhfoinsí
 na mic léinn + ceartaíodh a gcuid oibre
 na mic léinn + cheartaigh obair a chéile
 na léachtóirí + thug léachtaí spéisiúla
 na léachtóirí + rinne a gcuid mac léinn gearán fúthu
 na tuismitheoirí + bhí buartha faoina bpáistí
 na tuismitheoirí + bhí a gcuid páistí ag cur isteach orthu

- ‘...ar an naoú lá déag...’

Déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí thíos:

on the eighteenth of March
 on the first of May
 on the twenty-fourth of June
 nineteen days
 eighteen days

Iarobair

Plé

- Cad a cheapann tú faoi shaol na gceiliúrán? Cé hiad na ceiliúráin a gcuireann tú spéis iontu agus cén fáth?
- Déan liosta de na daoine is mó a gcuireann na nuachtáin / irisí spéis iontu.
- Dá mbeifeá ag ceannach irise / nuachtáin, cé acu de na daoine seo thíos a tharraingeodh d’aird? An bhfuil irisí / nuachtáin ar leith a chuirfeadh spéis ar leith sna daoine thíos? Má tá, cad iad?

Angelina Jolie
David Beckham
Victoria Beckham
Colin Farrell
Brian Cowen
Barack Obama
Michelle Obama
Dana
Dónal Óg Cusack
Paul Galvin
Des Bishop
Cheryl Cole
Simon Cowell
Susan Boyle

Tascanna

- Léigh Téacs 2 – tuairisc a scríobh Ruairí Ó hEithir ag cur síos ar dhaoine a bhuaile leis i Ruanda a léirigh spéis ar leith i gclubanna sacair na hÉireann. Scríobh tuairisc ar na cosúlachtaí atá idir na pointí a dhéanann Colm Mac Séalaigh agus Ruairí Ó hEithir maidir leis an spórt.
- Féach ar an bhfrása seo as alt Ruairí Uí Eithir agus déan na cleachtaí feasachta teanga bunaithe air:

‘séard a bhí uathu uaimse’

Cén Béarla a chuirfeá ar an abairt thuas? Pléigh agus ansin cuir Gaeilge ar na cinn thíos, ag tabhairt airde ar an bhfoirm threise.

what she wanted from him
what he wanted from her
what they wanted from you
what you wanted from them
what she wanted from you (pl.)
what I wanted from her
what they wanted from us
what we wanted from them

- Scríobh alt gearr a bheadh oiriúnach d’iris Ghaeilge na mac léinn sa Choláiste dar teideal ‘Sacar v. Peil Ghaelach: Cé acu is fearr?’

Téacs 1

Cruthaíonn spórt ainm agus cáil agus carnann an cháil cianóga. An té a mbíonn súil na sluaite air, caithfidh sé a bheith gan cháim áfach, nó beidh siad ina dhiaidh air. D’amharc Colm Mac Séalaigh ar scéal an Tiger.

Ar an naoú lá déag de mhí Feabhra seo caite, sheas an galtaire clúiteach Tiger Woods os comhair dream beag daoine in Sawgrass, Orlando, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus léigh sé ráiteas amach. Cineál aithisc do mhuintir Mheiriceá, nó do mhuintir an domhain fhorbartha, a bhí ann trí bhíthin na gceamaraí teilifíse, chun an chaint a chraoladh beo agus a thaifeadadh. Spreag ráiteas Woods na mílte ceannteideal agus colún sna meáin chumarsáide anseo in Éirinn agus ar fud an domhain de réir dealraimh.

Le faitíos nach bhfuil a fhios agatsa, a léitheoir, cé hé Tiger Woods, is féidir a rá go bhfuil sé ar na pearsana spóirt is mó clú agus cáil ar domhan inniu. Seachas David Beckham, b’fhéidir nach bhfuil aon phearsa spóirt a bhfuil oiread iomrá air is atá ar an uasal Woods. Is imreoir sacair é David Beckham a d’imir le cuid de na clubanna sacair is mó cáil, agus níos tábhachtaí ná sin, is mó cuntas bainc, in Iarthar Domhain, mar atá Manchester United, Real Madrid, Los Angeles Galaxy agus Milano, mar a bhfuil sé ‘ar iasacht’ i láthair na huaire. I measc sonraí eolais atá tugtha faoin mBeckhamach ar Vicipéid, an chliclipéid ar líne, tá an méid seo:

1. ba é Beckham ba mhó i measc topaicí spóirt a ndearnadh cuardach orthu ar Google sna blianta 2003 agus 2004
2. in 2004 bhí sé ar an bpeileadóir ab airde tuarastal
3. is scothbhranda fógraíochta é Beckham ar fud an domhain.

Tá cáil i bhfad is i ngearr ar Beckham ní hamháin i ngeall ar a chumas peile, ach a bhuíochas go háirithe don chóras margaíochta, bolscaireachta agus fógraíochta a bhaineann go dlúth le spórt sa domhan forbartha ar na saolta seo. Go fiú sna réigiúin is boichte ar domhan, san Afraic mar shampla, tá an t-ainm Beckham in airde, agus go minic is é an t-aon duine den chine geal is féidir le daoine a ainmniú.

Baineann cáil Beckham le stádas an tsacair mar an spórt is mó a imrítear mórán gach áit ar domhan (cé is moite de Chill Chainnigh agus de chorrchríoch iargúlta eile!). Is é an sacar an spórt is éasca, is áisiúla agus is saoire le himirt agus le heagrú. Níl de dhíth ach achar beag talún, i lár na cathrach féin, agus liathróid de shaghas ar bith nó rud ar bith a d’fhéadfaí a úsáid in áit liathróide, píosa de mhaide cur i gcás. Is é sin bua mór an chluiche seo, a éascaíocht le himirt, agus dá bhrí sin is é cluiche na mbochtán é ar fud an domhain. Thug imreoir clúiteach eile Zinedine Zidane, Francach de shliocht Chaibíl na hAilgéire, léargas maith ar chluiche seo na mbocht ar chlár teilifíse a craoladh ar TG4 ar na mallaibh. De mhuintir bhocht é nár imir aon spórt eile ach sacar ina óige mar, mar a d’inis sé féin, ní raibh bata leadóige aige chun leadóg a imirt, ná maidí gailf chun galf a

imirt ach, mura raibh, bhí liathróid de shaghas éigin i gcónaí ar fáil chun peil a imirt.

Is aisteach mar sin go bhfuil an stádas céanna nach mór ag an ngalfaire Tiger Woods is atá ag Beckham. Is spórt é an galf nár bhain agus nach mbaineann leis na bochtáin agus nach bhfuil éasca ná áisiúil ná saor le himirt, agus cé go bhfuil níos mó daoine i mbun an spóirt inniu ná mar a bhí riamh roimhe seo, ní móide go n-aithneodh mórán de mhuintir bhocht na hAfraice iarann a trí thar iarann a naoi (maidí gailf is ea iad sin, a léitheoir). In ainneoin sin, aithnítear ainm ‘Tiger’ sna bólaí is iargúlta mar is ‘branda’ é a dhíoltar ar fud an domhain. Ach, tá an branda i sáinn. Tá smál ar an mbranda, branda a tógadh go cúramach agus go córasach, a bhuíochas sin do laige agus do leochaileacht an duine dhaonna.

Níl a fhios agam cé acu Beckham nó Woods is saibhre nó is cáiliúla agus ba chuma faoi murach gné éigin mhímhóralta a bheith le brath ar na slámanna móra airgid a íoctar leis an mbeirt imreoirí spóirt seo. In ainneoin a gclú is a saibhris, áfach, nó b’fhéidir de thoradh a gclú agus saibhris, níl a saol pearsanta gan deacrachtaí áirithe chomh fada is a bhaineann lena saol pósta.

Is beirt iad Woods agus Beckham a chuaigh ar strae maidir lena bpósadh agus a tharraing níos mó airde orthu féin dá bharr ná mar a tharraingíonn siad mar imreoirí spóirt. D’éirigh le Beckham a phósadh a thabhairt slán de réir cosúlachta agus leanúint ar aghaidh mar pheileadóir gairmiúil in ainneoin fiosracht dhoshásta lucht na meán cumarsáide i ngach gné dá shaol. Maidir le Woods, beidh le feiceáil, más suim linn a leithéid sna míonna atá romhainn, ar éirigh leis a phósadh féin a shlánú, nó nár éirigh. Ach, chomh fada is a bhaineann sé leis an ‘Tiger’ mar ‘bhranda spóirt’ b’fhéidir go mbeidh sé níos deacra air an stádas ard a bhí aige cheana a bhaint amach ná mar a bheas sé air a phósadh a thabhairt slán.

An ráiteas ó Tiger Woods ar thagair mé dó ag tús an ailt seo, shíl a lán tuairisceoirí sna meáin go raibh sé gan dealramh agus aisteach agus b’údar grinn acu é. D’admhaigh Woods sa ráiteas go raibh sé mídhílis dá bhean, go raibh a mhí-iompar le cáineadh, agus d’iarr sé maithiúnas ina chuid peacaí os comhair an tsaoil. Bhí an chaint a thug sé scríofa agus tomhaiste go cúramach chun aidhm éigin nár léir a bhaint amach. Is deacair gan a bheith searbhasach faoin bhfear agus faoin mbealach a labhair sé leis na meáin, gan ceisteanna a cheadú ná a fhreagairt. Beidh le feiceáil an mbainfidh sé amach arís, san am atá le teacht, an stádas agus an gradam ard céanna mar dhuine, mar ghalfaire agus mar eiseamláir is a bhí bainte amach aige san am a chuaigh thart.

As an iris www.beo.ie (Márta 2010).

Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie.

Téacs 2

‘On voudra jouer pour St.Patrick’s Athletic’

Agus mé i mo chónaí i mbaile Butare an bhliain seo caite casadh fear darbh ainm Malenge orm. B’as an gCongó é ó dhúchas ach é ina chónaí i Ruanda le píosa fada anois. Duine é a chuir Del Boy ón tsraith *Only Fools and Horses* i gcuimhne dom: ní raibh rud ar bith a bhí uait nach bhféadfadh sé a eagrú ar an bpraghas ceart – teach ar cíós, gineadóir leictreachais, déantúis sheanda smuigleáilte ón gCongó, cóta in aghaidh fhuacht an gheimhridh nó tú a chur in aithne do na daoine a d’fhéadfadh doiciméid is cáipéisí a sholáthar níos tapúla ná na bealaí oifigiúla. Tar éis tamaill, thosaíomar ag caitheamh níos mó ama le chéile, go háirithe chun deoch a ól agus breathnú ar pheil nuair a bheadh Chelsea ag imirt, foireann a bhfuilimid beirt i measc a lucht leanúna. Dála fhormhór na hAfraice, is beag duine anseo (bhuel, na fir den chuid is mó ach cuid áirithe de na mná freisin) nach bhfuil spéis acu sa pheil agus i bPríomhroinn Shasana den chuid is mó. Is iad Arsenal rogha na coitiantachta, le Man Utd, Chelsea agus Liverpool (san ord sin) ina ndiaidh. Casadh fear amháin orm a lean Hull City toisc go ndearna sé cúrsa staidéir ansin uair amháin, ach seachas é siúd ní chloistear faoi fhoireann ar bith eile. Agus dála buachaillí óga i ngach tír ar domhan (mo thírín glas féin ina measc) tá aislingí ag go leor a bheith mar Drogba nó Messi nó a leithéidí agus a saibhreas a dhéanamh.

Toisc gur thug mé mo léine Joe Cole liom, tuigeann gach duine go bhfuil spéis agam sna cúrsaí sin agus caithfidh mé a rá go bhfuil sé ar an rud is úsáidí a thug mé liom ó thaobh comhrá a thosú nó aithne a chur ar dhaoine. Toisc nach bhfuil m’ainm ar eolas ag go leor (agus iad siúd a bhfuil sé ar eolas acu, níl sé ar an ainm is éasca ar domhan do dhaoine a labhraíonn teanga inarb ionann ‘R’ agus ‘L’), tugann go leor daoine Joe Cole orm agus ar chúis éigin ceapann roinnt mhaith acu go bhfuil aithne agam ar an bhfear uasal céanna.

Oíche amháin bhí mé i mo shuí le Malenge in óstán an Faucon i mButare ag caint le fear a bhí ag iarraidh gineadóir leictreachais a dhíol liom, rud a cheap mé a bhí uaim ag an am. Nuair a chríochnaíomar (mise ag rá go gcaithfinn labhairt le m’oifig i Kigali) d’fhiafraigh Malenge díom ar mhiste liom dá gcuirfeadh sé roinnt dá chairde in aithne dom. Leis sin, tháinig ceathrar fear óg chuig an mbord, iad gléasta in éadaí peile agus ón mboladh álainn a d’eascair uathu, a bhí díreach tar éis teacht ó sheisiún dian traenála. Tar éis muid féin a chur in aithne dá chéile go foirmiúil, d’fhiafraigh mé díobh céard a bhí ar siúl acu. Bhí ciúnas gearr ann agus ansin d’fhreagair duine acu (i bhFraincis): ‘Ba mhaith linn imirt do St Patrick’s Athletic agus ba mhaith linn go gcabhrófá linn’.

Anois, ó tháinig mé anseo is mó rud aisteach atá cloiste agam agus bíim ag súil i ngach comhrá le tuilleadh rudaí aisteacha, ach is féidir liom a rá gan bréag a insint go raibh sé seo ar an rud deireanach lena raibh mé ag súil (bhuel, dá ndéarfadh sé Sligo Rovers, b’fhéidir go mbeadh sin níos aistí fós). ‘St. Patrick’s Athletic?’ a

dúirt mé, ‘an bhfuil sibh cinnte?’ Bhreathnaíodar ar a chéile. ‘Bhuel, iad siúd nó Shelbourne nó Bohemians’, a d’fhreagair an t-urlabhraí, ‘foireann éigin sa bpríomhchathair’. Bhí mé ar tí fiafraí díobh cén fáth nár roghnaigh siad Shamrock Rovers (m’fhoireann féin) ach chinn mé gan dul síos an bóthar áirithe sin.

Thóg sé tamall an scéal a thuiscint ina iomláine ach faoi dheireadh thuig mé a raibh ar siúl acu. Theastaigh uathu ar fad imirt do cheann de mhórfhoirne na Príomhroinne ach thuig siad (mar a d’admhaigh siad go humhal) nach bhféadfaidís a bheith ag súil go siúlfaidís díreach isteach i bhfoireann Chelsea nó Arsenal. Ag léamh ar an idirlíon, thug siad faoi deara gur tháinig méid áirithe imreoirí as Éirinn agus nuair a léigh siad a gcuid scéalta thuig siad go raibh sé de nós ag na foirne móra Sasanacha lorgairí a chur sall go rialta ag lorg imreoirí. Mar sin, ’séard a bhí uathu uaimse ná seoltaí poist agus ríomhphoist do na clubanna in Éirinn, mar aon le hainmneacha duine ar bith a mbeadh aithne phearsanta agam orthu a d’fhéadfadh cabhrú leo (chinntigh siad arís liom nach raibh aon aithne agam ar Joe Cole). An plean a bhí acu ná go raibh DVD déanta acu díobh féin ag léiriú a gcuid scileanna agus go raibh sé seo le cóipeáil agus le seoladh chuig na clubanna in Éirinn. D’íocfadh siadsan as víosa agus costais taistil gach duine acu agus ansin, nuair a thiocfadh lorgaire Chelsea nó Learphoill ag breathnú orthu ag imirt in aghaidh Fingal nó Dhún Dealgan, bheadh leo (agus ar ndóigh, ba é mo chara Malenge a bhí á eagrú seo dóibh ar phraghas éigin nárbh eol dom).

Céard a d’fhéadfainn a dhéanamh? Ní deas an rud é aislingí daoine a mhilleadh, ainneoin a áiféisí is atá siad. Bhuail mé leo an oíche dár gcionn agus liosta seoltaí agus eile agam dóibh, ach ag an am céanna, d’inis mé dóibh a laghad seans a bhí ann go gcloisfidís rud ar bith. Chuir mé in iúl dóibh freisin a laghad airgid is a bhí ag formhór na gclubanna seo. D’fhreagair duine acu gur chuma sin, go mbeidís sásta cur suas le tuarastal ceithre nó cúig mhíle euro sa tseachtain go dtí an t-am go mbogfaidís chun na Príomhroinne.

Agus b’in an deireadh. An t-aon rud eile a rinne mé ná teachtaireacht a chur chuig na clubanna ar fad ag iarraidh orthu, dá bhfaighidís teachtaireacht is DVD gan choinne ó Ruanda, go scríobhfaidís ar ais chucu seachas iad a fhágáil ag fanacht go deo.

Agus má tá cloiste ag aon duine ansin faoi imreoirí nua ó Ruanda atá anois ag imirt in Éirinn, ba bhreá liom cloisteáil faoi.

As *Comhar*, Eanáir 2010.

Le caoinchead ó *Comhar* agus ón údar.